


**Díol spéise daoibh, a mhúinteoirí:**

Is é aidhm aonaid Pathways scoláirí ó chúlraí éagsúla a spreagadh chun smaoineamh ar a roghanna gairme, ar an bpróiseas cinnteoireachta gairme agus smaoineamh go háirithe ar an teagasc mar shlí bheatha inmhianaithe.

Is tionscnamh de chuid an Tionscadail Conaire iad na haonaid seo, arna maoiniú ag an Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO), atá lonnaithe san Institiúid Oideachais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (OCBÁC).

Tá 3 aonad ann le haghaidh scoláirí an 1ú bliain, a mhaireann thart ar 2 uair an chloig an ceann.

- Aonad 1: Scileanna agus buanna faoi cheilt
- Aonad 2: Straitéisí agus stíleanna
- Aonad 3: Spriocanna agus spreagadh

<u>Roinnt pointí tábhachtacha maidir leis an gcaoi a n-oibríonn aonaid Conairí</u>:

- Tá na sleamhnáin réidh le húsáid sa seomra ranga.
- Tá teacht ar nótaí an mhúinteora chomh maith le treoir céim ar chéim do na gníomhaíochtaí ar gach sleamhnán sa PDF a ghabhann leis seo.

- Tá sé tábhachtach sleamhnáin a thaispeáint sa mhodh léirithe (mura moltar a mhalairt a dhéanamh sna i nótaí an mhúinteora), ós rud é go mbraitheann roinnt gníomhaíochtaí ar bheochan. Más amhlaidh go bhfuil beochan ar shleamhnán, cuirfear é sin in iúl i nótaí an mhúinteora.
- Nuair is i gcló iodálach atá téacs i nótaí an mhúinteora, tugann sé sin le fios gur cheart don mhúinteoir é a úsáid le linn bheith ag caint le scoláirí; aon uair nach bhfuil an téacs i gcló iodálach, d'fhéadfaí glacadh leis gur treoir atá ann don mhúinteoir amháin.
- Is beag ullmhúchán atá ag teastáil ar ábhair. Ó am go chéile, agus ag brath ar do chuid scoláirí, tá de rogha agat fótachóip a dhéanamh de na sleamhnáin roimh an rang. Más gníomhaíochtaí iad atá ullmhú le déanamh ina leith roimh ré, cuirfear é in iúl duit ar Shleamhnán 2 agus sna nótaí sleamhnáin.

Go raibh maith agat as triail a bhaint as na haonaid Conairí!

## Aonad 2: Straitéisí agus Stíleanna

**Fad:** Thart ar 2 uair a chloig

### Cuspóirí foghlama molta

Táimid ag foghlaim conas...

- straitéisí foghlama agus teagaisc a rangú de réir mhéid an suntais a bhaintear astu agus cé chomh héifeachtach agus atá siad
- ár stíl foghlama is láidre a shainaithint agus cad is brí leis sin dar gcuid foghlama
- an ceangal a dhéanamh idir straitéisí foghlama agus teagaisc agus ár stíleanna foghlama
- machnamh a dhéanamh ar rudaí a rinneamar go maith agus ar rudaí ar féidir linn iad a fheabhsú


| Sleamhnáin | Gníomhaíocht | Cad a bheidh ar bun againn? |
|---|---|---|
| 3 | | Réamheolas ar na deilbhíní |
| 4-6 | 1 | Plé a dhéanamh ar raon straitéisí foghlama agus teagaisc - na cinn as a mbainimid sult agus na cinn a chuidíonn linn foghlaim i ndáiríre |
| 7-12 | 2 | Ag fáil amach faoinár stíleanna nó láidreachtaí foghlama trí Thráth na gCeist a dhéanamh agus ár dtorthaí a ríomh<br>Machnamh a dhéanamh ar an eispéireas de Thráth na gCeist a dhéanamh agus a phlé |
| 13 | 3 | Na straitéisí foghlama agus teagaisc a phlé a oireann do stíleanna éagsúla foghlama |
| 14 | 4 | Ag seiceáil isteach leis na cuspóirí foghlama |
| 15 | Ceacht le cois | Ag fáil amach faoi shuirbhé ar féidir linn é a dhéanamh lenár múinteoirí |

### Táscairí Folláine

- Athléimneach
- Nasctha
- Feasach

### Eochairscileanna

- Léamh agus scríobh a bheith agat
- Mé féin a bhainistiú
- Ag fanacht ar fónamh
- Ag bainistiú eolais agus ag smaoineamh
- A bheith uimheartha
- A bheith cruthaitheach
- Ag obair le daoine eile
- Cumarsáid


Aonad 2, Réamheolas
Haigh, is mise Dave.
Deas buaileadh leat!
Tá mé anseo le hinsint duit go mbainimid úsáid as deilbhíní (na pictiúir bheaga thíos) san aonad seo. Cuideoidh siad sin leat an méid a bheidh á dhéanamh agat le linn na ngníomhaíochtaí éagsúla a thuiscint.
Bain sult as (agus bí ag foghlaim)!
Obair aonair
Léamh
Obair ghrúpa
Téigh ar líne
Plé ranga
Gníomhaíocht le cois

**SLEAMHNÁN 3**

**Aonad 2, Gníomhaíocht 1**

| | |
|---|---|
| **Ealaín** (líníocht, lógónna a dhearadh, póstaeir a dhéanamh) | **Cás-staidéir** (maidir le daoine, áiteanna nó imeachtaí) |
| **Scríbhneoireacht chruthaitheach** (iontrálacha dialainne, aistí samhlaíocha, etc.) | **Tástáil Cloze** (críochnaigh an abairt, líon isteach na bearnaí) |
| **Díospóireacht/Díospóireacht siúil** | **Drámaíocht** (rólghlacadh, fráma reoite etc.) |
| **Scannán** (cláir faisnéise, Cainteanna TED, YouTube) | **Céimeanna ollmhóra** |
| **Agallaimh** | **Cairt K-W-L chart** (Know, Want to know, Learned) |
| **Meabhairmhapaí/damhánléaráidí** (agus eagraithe grafacha eile) | **Mentimeter/Padlet** (agus aipeanna eile) |
| **Ailt nuachtáin/ar líne** | **Grianghraif/íomhánna** (íomhánna a léirmhíniú, fotheidil a scríobh do ghrianghraif) |
| **Ceistneoir/suirbhé/vox pop** | **Tráth na gCeist** |
| **Plé struchtúrtha** (beirt, grúpa beag, rang iomlán) | **Ionchur ón múinteoir** |
| **Smaoinigh-Téigh i mBeirteanna-Comhroinn** (smaoinigh leat féin, téigh i mbeirt le duine eile agus pléigh, agus ansin comhroinn leis an ngrúpa) | **Bileoga oibre** |
| | |

**SLEAMHNÁN 4**

**Nótaí an mhúinteora**

Cuir ceist ar an rang an bhfuil aon duine sásta an téacs sna sraitheanna ar an sleamhnán a léamh os ard.

*An bhfuil a fhios ag aon duine céard iad seo? Céard iad na cosúlachtaí atá eatarthu ar fad? Is straitéisí foghlama agus múinteoireachta iad seo ar fad (tugtar cur chuige nó modheolaíochtaí orthu ó am go chéile freisin)*

*Cé acu de na straitéisí seo a bhfuil taithí agaibh orthu ón mbunscoil nó ón meánscoil? An bhféadfá an straitéis seo a mhíniú don chuid eile den rang? An bhfuil aon straitéis ar an sleamhnán nach raibh aon eolas agaibh ina thaobh go dtí seo? An bhfuil aon duine in ann a mhíniú céard a tharlaíonn leis na straitéisí seo?*

*An bhfuil aon straitéisí eile an ar cheart dóibh a bheith ar an sleamhnán seo?*

Bain úsáid as an dá spás ag bun an tábla chun aon straitéis eile a luann na scoláirí a chur isteach. [chun é seo a dhéanamh beith ort gnáthradharc a úsáid, seachas radharc ‘cur i láthair’.

*Tá muid chun gníomhaíocht a dhéanamh i ngrúpaí beaga ina ndéanfaidh sibh na straitéisí foghlama agus múinteoireachta atá ar an sleamhnán a rangú.*

*Ar dtús, déanfaidh sibh na straitéisí a rangú faoin gceannteideal 'Taitneamhach'.*

*Cuirfidh sibh an ceann is taitneamhaí ag barr an liosta.*

*Ina dhiaidh sin, déanfaidh sibh na straitéisí a rangú faoin teideal 'Éifeachtach' (ciallaíonn sin gur mheall an straitéis d'aird agus gur chuidigh sí leat foghlaim). Cuirfidh sibh an ceann is éifeachtaí ag barr an liosta. Don dá rangú, déan nóta de na straitéisí a chur sibh ag barr gach liosta agus bí ullamh chun na cúiseanna a leis an rangú sin a mhíniú.*

**NB**: Ag brath ar an rang, b'fhéidir go mbeadh tú féin ag iarraidh an ghníomhaíocht rangaithe a dhéanamh chomh maith. Leis an ngníomhaíocht seo is féidir leat an deis a thapú labhairt le do rang faoi na straitéisí sin is fearr leat féin iad a úsáid agus tú ag múineadh agus faoi na straitéisí is mó a fhágann go bhfoghlaimíonn tusa ó do chuid scoláirí nó fúthu.

Roinn an rang i ngrúpaí beaga.

Iarr ar na scoláirí píosa páipéir agus peann a thabhairt amach le gur féidir leo a liostaí rangaithe a scríobh.


Tabhair dóthain ama dóibh chun an t-ábhar a phlé agus tabhair fógra dhá nóiméid do na scoláirí nuair is gá dóibh bogadh ar aghaidh ón gcéad liosta rangaithe go dtí an dara ceann.

Déan aiseolas ó gach grúpa a éascú agus dírigh ar na cúiseanna gur thaitin straitéisí ar leith leo.

Tarraing aird ar na roghanna éagsúla a rinne na grúpaí, agus iarr ar na scoláirí na difríochtaí seo a leanas a phlé.

*An bhfuil aon ghrúpa ann a raibh an straitéis chéanna acu ag barr ceann de na liostaí nó ag barr an dá cheann?*

*Céard a insíonn sé seo dúinn? nó an insíonn sé rud ar bith dúinn fiú?*




**SLEAMHNÁN 5**


**Nótaí an mhúinteora**

Abair leis na scoláirí, nó cuir i gcuimhne dóibh go bhfuil béim sa tsraith shóisearach ar fhorbairt a dhéanamh ar na hocht gcinn de eochairscileanna a liostaítear ar an sleamhnán.

Déan gach eochairscil a léamh os ard, agus cinntigh go dtuigeann gach duine céard atá i gceist le gach ceann acu.

*Smaoinigh ar an dá straitéis foghlama agus mhúinteoireachta is mó a thaitníonn leat féin. Cé na heochairscileanna a chuidíonn na straitéisí seo iad a fhorbairt, dar leat?*

*Anois smaoinigh ar an dá straitéis is éifeachtaí duitse. Cé na heochairscileanna a chuidíonn na straitéisí seo iad a threisiú, dar leat?*




**SLEAMHNÁN 6**

**Nótaí an mhúinteora**

*Tá an phirimid foghlama ar an taobh bunaithe ar thaighde a léiríonn go mbíonn sé de nós ag daoine cuimhneamh ar níos mó den mhéid a d'fhoghlaim siad nuair a tharraingítear a n-aird ar bhonn gníomhach. Ciallaíonn sé seo go mbíonn straitéisí múinteoireachta agus foghlama, cosúil leis na cinn sin a bhí á bplé againn, níos éifeachtaí nuair a bhíonn na scoláirí ag foghlaim ar bhonn gníomhach.*

*Cuid de ról an mhúinteora is ea iarracht a dhéanamh aird na scoláirí a choinneáil sa tsúil go mbeadh an próiseas foghlama chomh taitneamhach agus is féidir.*

*I ndáiríre, d'fhéadfadh sé go n-oibreodh straitéis amháin do dhuine amháin, agus go n-oibreodh straitéis eile do dhuine eile. D'fhéadfadh sé go n-oibreodh modh amháin do thopaicí nó d'ábhair áirithe, agus go n-oibreodh modh eile do thopaicí nó d'ábhair eile.*

*Is é an dúshláin duitse (agus do do chuid múinteoirí) ná:*

- an straitéis is mó a oibríonn duitse/don rang a aimsiú.
- a bheith in ann athrú ó straitéis amháin go straitéis eile de réir mar a athraíonn an topaic nó an t-ábhar.

**Conairí: Loga straitéisí foghlama agus teagaisc**

| Ainm agus cur síos gairid | Cad a d'éirigh go maith leis? | Bheadh sé fiú níos fearr má |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

**SLEAMHNÁN 7**

**Nótaí an mhúinteora**

*Le linn an cuid eile de mhodúil Pathways, tá muid chun cuntas a choinneáil ar na straitéisí éagsúla foghlama agus múinteoireachta a úsáideann muid.*

Tabhair cuireadh do na scoláirí an tábla a chóipeáil isteach ina ndialanna/cóipleabhair.


*I gcás gach straitéis a phléann muid, beidh ort ainm na straitéise agus míniú gairid ina taobh a bhreacadh síos, chomh maith le machnamh a scríobh ar na rudaí ar éirigh go maith leo agus ar na bealaí a bhféadfaí rudaí a fheabhsú. Sna colúin 'rudaí ar éirigh go maith leo' agus 'na bealaí a bhféadfaí rudaí a fheabhsú' d'fhéadfá rudaí a rinne do mhúinteoir nó do chuid comhscoláirí a bhí go maith, nó a bhféadfadh siad a fheabhsú a lua. Ba cheart díriú ort féin, áfach. Is é sin na rudaí a rinne tú féin a bhí go maith, nó na rudaí a bhféadfá a dhéanamh chun an taitneamh a bhain tú as do chuid foghlama féin, nó do rannpháirtíocht ann, a aithint.*

*Déanann múinteoirí an cineál seo de smaoineamh nó de mhachnamh tar éis ceachta, go háirithe más é an chead uair a bhain siad úsáid as straitéis, nó más é an chéad uair a d'úsáid siad é leis an rang áirithe sin.*

*Meas sibh an cleachtas maith é seo do mhúinteoirí? Cén fáth?*

**NB**: Ag brath ar an rang atá agat, b'fhéidir go mbeifeá ag iarraidh sampla a thabhairt d'am a d'úsáid tú straitéis don chéad uait, cén chaoi ar éirigh leis, agus an machnamh a rinne tú ina dhiaidh. Ar athraigh sé seo an chaoi inar úsáid tú an straitéis sin ina dhiaidh sin, agus más ea, cén chaoi ar athraigh sé an dóigh ar úsáid tú é?

*Tar éis an chéad straitéis foghlama agus múinteoireachta eile meabhróidh mé daoibh an an chéad sraith de do chuntas a líonadh.*




**SLEAMHNÁN 8**

**Nótaí an mhúinteora (NB: Priontáil cóip amháin den tráth na gceist ar Stíleanna Foghlama do gach scoláire sa rang)**

*Deir saineolaithe áirithe go dtuigeann daoine eolas agus go réitíonn daoine fadhbanna ar thrí bhealach éagsúla.*

*Is fearr le **hamharcfhoghlaimeoirí** foghlaim tríd an teanga scríofa (léamh agus scríobh). Cuimhníonn siad ar a bhfuil scríofa síos acu, úsáideann siad pointí urchair, cairteacha, graif, meabhairmhapaí, pictiúir, spléach-chártaí nó scríobhann siad scéalta.*

*Is maith le **foghlaimeoirí ó chluas** foghlaim trí óráidí nó cur i láthair a dhéanamh, taifeadtaí a úsáid, trína bheith ag léamh os ard, trí ceoilíní a chumadh nó scéalta a insint chun cuidiú le cuimhneamh.*

*Is maith le **foghlaimeoirí cinéistéiseacha** foghlaim trí bheith ag bogadh timpeall, a lámha a leagan ar rudaí nó trí rudaí a dhéanamh.  Is minic a bhíonn siad ag bogadh agus iad ag staidéar.*

*B'fhéidir, mar shampla, gurb é an amharcfhoghlaim an stíl foghlama is fearr leatsa, ach ní chiallaíonn sé sin nach bhfuil tú in ann a bheith ag foghlaim trí bheith ag éisteacht (foghlaim ó chluas) nó trí bheith ag déanamh rudaí (foghaliam chinéistéiseach).  Níl ann ach gurb é an próiseáil a dhéanann tú ar eolas agus ar réiteach fadhbanna trí radharc na súil ar an stíl foghlama is láidre atá agat ag an bpointe áirithe sin i do shaol.  Is é fírinne an scéil go n-úsáideann formhór daoine meascán de stíleanna foghlama agus is féidir stíl foghlama a láidriú thar am.*

*Ar mhaith leat tuilleadh eolais a fháil faoi do stíl(eanna) foghlama? Cén fáth?*

*Tá muid chun quiz gairid a dhéanamh ar stíleanna foghlama le 20 ceist ilrogha, le gur féidir leat a fháil amach cé acu de na stíleanna foghlama is láidre i do chás-sa i láthair na huaire.*

Dáil an Quiz (ar fáil ar leathanach gréasáin Pathways).

*Bí chomh ionraic agus is féidir agus sibh ag freagairt na gceisteanna le go bhfaighidh sibh toradh cruinn.  Déan iarracht gan aon cheist a fhágáil gan fhreagra. Mura bhfuil tú cinnte cén chaoi ar chóir duit ceist ar leith a fhreagairt, roghnaigh an rogha is gaire don rud a dhéanfá féin sa chás sin.*

*Déan nóta d'uimhir an rogha a roghnaíonn tú do gach ceist sa quiz.*




**SLEAMHNÁN 9**

**Nótaí an mhúinteora**

*Bhí trí rogha i ngach ceist sa quiz ar stíleanna foghlama.*

*Ba é an chéad rogha i ngach cás an rogha a roghnódh amharcfhoghlaimeoir, ba é an dara rogha an ceann a roghnódh foghlaimeoir ó chluas agus ba é an triú rogha an ceann a roghnódh foghlaimeoir cinéistéiseach.*

*Déanaigí comhaireamh ar an méid uaireanta a roghnaigh sibh rogha an amharcfhoghlaimeora, rogha an fhoghlaimeora ó chluas agus rogha an fhoghlaimeora cinéistéisigh.*

*Samhlaigh go bhfuil duine linn sa rang darb ainm X. Roghnaigh X rogha an amharcfhoghlaimeora faoi 12 san iomlán, rogha an fhoghlaimeora ó chluas faoi 5 agus rogha an fhoghlaimeora cinéistéisigh faoi 3.*

*Cén chaoi ar féidir le X an céatadán a oibriú amach do gach ceann acu seo?*


*Caithfidh X gach iomlán a roinnt ar 20 (an méid ceisteanna sa quiz), agus na freagraí sin a mhéadú faoi 100.*

*Is é an toradh ná gurb é an amharcfhoghlaim an stíl is fearr le X (60%) an dara ceann is fearr leo ná foghlaim ó chluas (25%) agus an ceann is lú a thaitníonn leo ná an fhoghlaim chinéistéiseach (15%). Anois déanaigí na céatadáin a fuair sibh féin do gach ceann de na stíleanna foghlama oibriú amach.*

*Céard atá foghlamtha agaibh faoi na trí stíl foghlama agus an quiz á dhéanamh agaibh?*

*Agus muid ag dul tríd an eolas ar an gcéad chúpla sleamhnán eile, féach an aithníonn tú tú féin in aon cheann de na míniúcháin ar na trí stíl foghlama.*

*Déan nóta de má thagann tú ar aon leid nó cleas a d'fhéadfadh cuidiú leat a bheith ag foghlaim ar bhealach níos éifeachtaí.*





**SLEAMHNÁN 10**

**Nótaí an mhúinteora**

Cuir ceist ar an rang an bhfuil aon duine sásta na pointí ar an sleamhnán a léamh os ard.

*Cuimhnigh, is cuma cén céatadán a fuair tú léiríonn gur Amhacrfhoghlaimeoir tú, is féidir leat a bheith ag obair chun do chumas eolas físiúil a phróiseáil agus réiteach fadhbanna físiúla a dhéanamh a fheabhsú.*





**SLEAMHNÁN 11**

**Nótaí an mhúinteora**

Cuir ceist ar an rang an bhfuil aon duine sásta na pointí ar an sleamhnán a léamh os ard.

*Cuimhnigh, is cuma cén céatadán a fuair tú léiríonn gur foghlaimeoir ó chluas tú, is féidir leat a bheith ag obair chun do chumas eolas ó chluas a phróiseáil agus réiteach fadhbanna ó chluas a dhéanamh a fheabhsú.*




**SLEAMHNÁN 12**

**Nótaí an mhúinteora**

Cuir ceist ar an rang an bhfuil aon duine sásta na pointí ar an sleamhnán a léamh os ard.

*Cuimhnigh, is cuma cén céatadán a fuair tú léiríonn gur foghlaimeoir cinéistéiseach tú, is féidir leat a bheith ag obair chun do chumas eolas cinéistéiseach a phróiseáil agus réiteach fadhbanna cinéistéiseacha a dhéanamh a fheabhsú.*

*Anois tá sé in am duit do chuntas maidir le Straitéisí Foghlama agus Múinteoireachta a líonadh (féach sleamhnán 7).*

*Is é is ainm don chéad straitéis ná Quiz agus Plé ar Stíleanna Foghlama Glac nóiméid chun cur síos gearr a scríobh ar an quiz seo, agus ansin breac síos do chuid machnamh sna colúin ‘rudaí ar éirigh go maith leo’ agus ‘bealaí a bhféadfaí rudaí a fheabhsú’.*

**Aonad 2, Gníomhaíocht 3**

| | |
|---|---|
| **Ealaín** (líníocht, lógónna a dhearadh, póstaeir a dhéanamh) | **Cás-staidéir** (maidir le daoine, áiteanna nó imeachtaí) |
| **Scríbhneoireacht chruthaitheach** (iontrálacha dialainne, aistí samhlaíocha, etc.) | **Tástáil Cloze** (críochnaigh an abairt, líon isteach na bearnaí) |
| **Díospóireacht/Díospóireacht siúil** | **Drámaíocht** (rólghlacadh, fráma reoite etc.) |
| **Scannán** (cláir faisnéise, Cainteanna TED, YouTube) | **Céimeanna ollmhóra** |
| **Agallaimh** | **Cairt K-W-L chart** (Know, Want to know, Learned) |
| **Meabhairmhapaí/damhánléaráidí** (agus eagraithe grafacha eile) | **Mentimeter/Padlet** (agus aipeanna eile) |
| **Ailt nuachtáin/ar líne** | **Grianghraif/íomhánna** (íomhánna a léirmhíniú, fotheidil a scríobh do ghrianghraif) |
| **Ceistneoir/suirbhé/vox pop** | **Tráth na gCeist** |
| **Plé struchtúrtha** (beirt, grúpa beag, rang iomlán) | **Ionchur ón múinteoir** |
| **Smaoinigh-Téigh i mBeirteanna-Comhroinn** (smaoinigh leat féin, téigh i mbeirt le duine eile agus pléigh, agus ansin comhroinn leis an ngrúpa) | **Bileoga oibre** |
| | |

**SLEAMHNÁN 13**

**Nótaí an mhúinteora**

*Tá muid tagtha ar ais anois chuig na modheolaíochtaí foghlama agus múinteoireachta a phléigh muid.*

*Anois agus níos mó ar eolas againn faoin gcaoi a mbíonn muid ag foghlaim agus faoi na héagsúlachtaí atá sa rang ó thaobh láidreachtaí de, tá sé chomh maith againn roinnt nóiméad a ghlacadh chun plé a dhéanamh ar cé na straitéisí foghlama agus múinteoireachta a fheileann do na stíleanna éagsúla foghlama.*

Léigh gach straitéis os ard agus iarr ar na scoláirí cé na stíleanna foghlama a leagtar béim orthu nuair a úsáidtear an straitéis seo sa rang.


*Céard atá foghlamtha agat féin ó bheith ag meaitseáil stíleanna foghlama le straitéisí? foghlama agus múinteoireachta?*

*Ar an gcaoi chéanna a mbíonn stíleanna nó láidreachtaí foghlama ag gach duine, bíonn éagsúlacht mhór pearsantachtaí agus stíleanna nó láidreachtaí foghlama i ngach uile rang.*

*Nuair a bhíonn múinteoirí ag roghnú agus ag pleanáil na modhanna múinteoireachta a úsáidfidh siad le rang ar leith, déanann siad iarracht freastal ar na stíleanna foghlama seo ar fad thar am.*

*Meas tú cén fáth go ndéanann múinteoirí é sin?*

**NB**: Ag brath ar do rang, b'fhéidir go mbeifeá ag iarraidh sampla a thabhairt ó do thaithí féin mar mhúinteoir d'am inar phleanáil tú straitéisí múinteoireachta toisc gur mheas tú go n-oirfeadh siad do stíleanna foghlama na scoláirí sa rang.





**SLEAMHNÁN 14**

**Nótaí an mhúinteora**

Léigh gach intinn foghlama os ard.


Iarr ar na scoláirí ordóg a chur in airde má bhraitheann siad go bhfuil an intinn foghlama bainte amach acu, ordóg a chur síos má tá tacaíocht ag teastáil uathu gus dorn a thaispeáint mura bhfuil siad cinnte.




**SLEAMHNÁN 15**

**Nótaí an mhúinteora**

Tá an ghníomhaíocht bhreise a mholtar ar an sleamhnán seo nasctha le Gníomhaíocht 1 (Sleamhnán 4) agus Gníomhaíocht 3 (Sleamhnán 13).


Tionscadal Conaire
Institiúid Oideachais
Ollscoil Chathair
Bhaile Átha Cliath
DCU
HEA
HIGHER EDUCATION AUTHORITY
AN tÚDARÁS um ARD-OIDEACHAS